# Meáchan a Thomhas

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais – meáchan<br>*Comhtháthú – Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna matamaiticiúla – ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br><br>Comhtháthú agus nascadh – matamaitic a aithint sa timpeallacht<br><br>Réasúnaíocht – rudaí a rangú in aicmí loighciúla |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | meáchan, trom, níos troime, is troime, éadrom, níos éadroime, is éadroime, cothromaíocht, meastachán |
| **Áiseanna** | meá, áis an dalta le liosta de na rudaí atá le meá |

## Cur síos ar an nGníomhaíocht

1 **Gníomhaíocht 1**

A luaithe is atá daltaí cleachta leis an gcoincheap de 1 cileagram mar thomhas, sainaithníonn siad rudaí i dtimpeallacht na scoile atá 1 kg, níos éadroime ná 1 kg agus níos troime ná 1 kg. Déanann siad na rudaí seo a thaifeadadh ar bhileog acmhainne i bhformáid dhigiteach nó chruachóipe, nó is féidir leo grianghraif a ghlacadh agus iad a roinnt ar ardán ar líne.

2 **Gníomhaíocht 2**

Is féidir an ghníomhaíocht sin a athdhéanamh don leath-chileagram agus de mheáchain eile ina ngraim, m.sh. rudaí atá níos troime nó níos éadroime ná 100 g nó 250 g.

Ansin, is féidir le daltaí fiosrúchán breise dá rogha féin a dhéanamh le rudaí faoi leith sa seomra ranga, m.sh. líon leabhar 100 g nó níos troime.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é meáchan an leabhair?<br>• Cad é meáchan an úill?<br>• Cén aonad caighdeánach a d'úsáid tú? | • Socraigh ar an gcaoi a dtabharfaimid faoin ngníomhaíocht seo.<br>• Cén fáth ar roghnaigh tú an t-aonad caighdeánach sin?<br>• Conas a thabharfaimid faoin ngníomhaíocht seo?<br>• Cad iad na haonaid chaighdeánacha a úsáidfimid? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

## Bileog an Dalta

| Rud | Níos faide / níos airde ná 1 m | Níos gairide ná 1 m |
|---|---|---|
| peann luaidhe | | ✓ |
| bioróir | | ✓ |
| tiúb phéinte | ✓ | |
| téacsleabhar | | ✓ |
| mála prátaí | | |
| mála criospaí | ✓ | |
| mála gainimh | | |
| bróga corpoideachais | | |